SPU
An tAonad um Sholáthar do Scoileanna

Nuachtlitir Sholáthair

EAGRÁN 6:
SAMHAIN/NOLLAIG 2017

San Eagrán Seo

- Tionscadal Píolótach Íocaíochtaí Scoile
- Tacú le hÍocaíochtaí Neamhairgid i Scoileanna
- Conradh Nua i gComhair Ríomhairí Deisce agus Glúine do Scoileanna
- Soláthar Leictreachais do Scoileanna - athnuachan conarthaí
- An Scéala is Déanaí faoi na Creataí atá ar fáil do Scoileanna
- Tairseacha Athbhreithnithe Soláthair
- An Treoir do Scoileanna maidir le Soláthar
- Seaneagráin den Nuachtlitir
- Ar na Bacáin
- An Teistiméireacht is Déanaí

Tionscadal Píolótach Íocaíochtaí Scoile - Tuairisc chun Dáta

Tá curtha i gcrích anois an próiseas tairisceana le soláthraithe seirbhíse a cheapadh i leith réimse roghanna íocaíochta (Idirlíon nó aip d'fhóin phóca, teirminéal gan tadhall, srl.) a chur ar fáil do scoileanna. Beidh foireann feidhmiúcháin an tionscadail i dteagmháil leis na soláthraithe agus leis na scoileanna píolótacha ar dtús, d'fhonn cur ar chumas na scoileanna siúd leas a bhaint as seirbhísí íocaíochta atá ag teacht leis na riachtanais atá acu. Beidh i gceist leis sin próifíliú a dhéanamh ar na scoileanna píolótacha agus comhaontuithe leibhéil seirbhíse a chur i dtoll a chéile, a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag seirbhís an tsoláthraí. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, go gcuirfear tús leis an gcaidreamh idir na scoileanna agus an soláthraí seirbhíse ainmnithe i mí Feabhra 2018. Beidh foireann feidhmiúcháin an tionscadail ag obair as lámha a chéile leis na scoileanna píolótacha agus leis na soláthraithe seirbhíse araon lena chinntiú go gcuirfear an tseirbhís ar fáil chun sástacht na scoileanna agus go rachfar i ngleic ar bhealach sciobtha, sásúil le haon deacrachtaí a thiocfaidh chun solais.

Ríomhairí Deisce agus Glúine do Scoileanna

Tá scoileanna in ann na ríomhairí deisce agus glúine a theastaíonn uathu a ordú go díreach ó bheirt soláthraithe ainmnithe anois. Ní gá do scoileanna dul i mbun aon phróisis soláthair as a stuaim féin de bharr go ndearnadh amhlaidh thar ceann na scoileanna go léir cheana féin. Níl le déanamh ach an gléas a oireann do chibé riachtanais ar leith atá agaibh a aithint agus an líon díobh a theastaíonn a ordú. Chun rochtain iomlán a fháil ar an Treoirleabhar agus ar na Foirmeacha Ordaithe, cinntigh go bhfuil tú cláraithe mar 'Cheannaitheoir' ar **www.procurement.ie** agus gheobhaidh tú na doiciméid ag an nasc seo - **https://bz.procurement.ie/contracts/4212**

Soláthar Leictreachais do Scoileanna – athnuachan conarthaí

I mí Dheireadh Fómhair 2017, sheol an Oifig um Sholáthar Rialtais doiciméid eolais agus chonartha maidir le soláthróir nua leictreachais a cheapadh do na 1,478 scoil atá faoi chonradh laistigh de bheartán na hOifige faoi láthair. Eisíodh a thuilleadh fógraí do na scoileanna sin le cur i gcuimhne dóibh (i) an conradh earraí; (ii) an comhaontú rúndachta; agus (iii) an fhoirm um chuntas nua a shíniú agus iad ar fad a sheoladh chuig an soláthróir nua, Energia (**smeAccountManager@energia.ie**). Go dtí seo, níl ach 818 scoil (56%) tar éis na doiciméid sin a sheoladh chuig Energia.

Tabhair do d'aire go gcuirfear tús leis an gconradh nua le Energia ar an 1 Bealtaine 2018 agus beidh sé i bhfad níos éasca athrú ón soláthróir reatha chuig an soláthróir nua i mí na Bealtaine 2018 má fhaigheann Energia (**smeAccountManager@energia.ie**) na trí dhoiciméad sin **faoin 31 Eanáir 2018**. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh ar do scoil rátaí réamhshocraithe costasacha a íoc má theipeann ort na doiciméid chuí a chur isteach agus má théann do chonradh in éag i mí na Bealtaine mar thoradh air sin..

Má tá ceist ar bith agat maidir leis an bpróiseas athnuachana nó má theastaíonn uait do scoil a chur le beartán na hOifige um Sholáthar an Rialtais, déan teagmháil leis an Oifig ag: 076 100 8000 nó cuir r-phost chucu ag **support@ogp.gov.ie**

Tacú le hÍocaíochtaí Neamhairgid i Scoileanna

Thug an Oifig um Sholáthar Rialtais creat i gcrích, in 2 bheart, le haghaidh (1) Seirbhísí Fála do Dhíoltóirí agus (2) Seirbhísí Geata Íocaíochta. Na seirbhísí ar féidir leas a bhaint astu faoin gComhaontú/faoi na Comhaontuithe maidir le Seirbhísí Fála do Dhíoltóirí agus Seirbhísí Geata Íocaíochta, cuirfidh siad ar chumas scoileanna plé le híocaíochtaí a dhéanann tuismitheoirí le cárta(í) creidmheasa agus dochar as gníomhaíochtaí scoile. Is é Elavon an soláthraí aonair i mBeart 1, agus is é Realex Payments an soláthraí ainmnithe i mBeart 2. Seirbhísí éigeantacha is ea iad seo, a mbeidh ar do scoil úsáid a bhaint astu más mian léi glacadh le híocaíochtaí neamhairgid.

Tá dhá bhuntáiste ar leith ag baint leis an gcreat seo. Anois is féidir le scoileanna buntáiste a bhaint as na táillí níos ísle atá i gceist leis na seirbhísí airgeadais seo, ós rud é go mbeidh a gcuid idirbheart curtha le chéile leis na milliúin idirbheart eile san earnáil phoiblí. Ina theannta sin, fágann an creat seo go bhfuil an dualgas chun tairiscintí a lorg i ndáil leis na seirbhísí seo comhlíonta. Tá eolas faoi cén chaoi ar féidir leat an creat a chur i bhfeidhm agus leas a bhaint as na táillí laghdaithe idirbhirt le fáil anseo - **https://bz.procurement.ie/contracts/2977**

Tairseacha Athbhreithnithe Soláthair ón 1 Eanáir 2018

Earraí agus Seirbhísí </= €4,999.99	• 3 mheastachán i scríbhinn ar a laghad (m.sh. r-phost) • Roghnaigh an praghas is ísle/an ceann is oiriúnaí
Earraí agus Seirbhísí €5,000 - €24,999.99	• 3 mheastachán i scríbhinn ar a laghad. • Eisigh sonrúchán doiciméadaithe, ina leagtar amach an tréimhse ama agus na critéir mheasúnaithe agus bhronnta. • Bain úsáid as bileog scórála chun na tairiscintí a mheas. • Tabhair fógra agus aiseolas i scríbhinn do na forthairgeoirí nár éirigh leo
Earraí agus Seirbhísí €25,000 - €220,999.99 Ní mór iad a fhógairt ar www.etenders.gov.ie	• Cuir doiciméid tairisceana i dtoll a chéile. • Socraigh na critéir bhronnta agus tabhair ualú do gach ceann acu. • Úsáid an bhileog scórála ualaithe chun na tairiscintí a mheas. • Roghnaigh an tairiscint a bhfaigheann an scór is airde. • Tabhair fógra agus aiseolas don fhorthairgeoir ar éirigh leis agus dóibh siúd nár éirigh leo. • Bronn an conradh.
Earraí agus Seirbhísí > €221,000 Ní mór iad a fhógairt ar www.etenders.gov.ie AGUS in Iris Oifigiúil an AE	• Cuir doiciméid tairisceana i dtoll a chéile. • Socraigh na critéir bhronnta agus tabhair ualú do gach ceann acu. • Úsáid an bhileog scórála ualaithe chun na tairiscintí a mheas. • Roghnaigh an tairiscint a bhfaigheann an scór is airde. • Tabhair fógra agus aiseolas don fhorthairgeoir ar éirigh leis agus dóibh siúd nár éirigh leo. • Bronn an conradh.
Oibreacha agus Seirbhísí a Bhaineann le hOibreacha </= €50,000	• Mearmheastachán • Ní gá an cuireadh a fhoilsiú go hoscailte ar **www.etenders.gov.ie** Ina ionad sin, féach **www.constructionprocurement.gov.ie** • Féach DPER CWMF GN 2.3 Alt 3.2
Oibreacha agus Seirbhísí a Bhaineann le hOibreacha </= €50,000 - €5548,000	• Féach DPER CWMF GN 2.3 Alt 3.2 • Nós imeachta oscailte nó srianta le fógra poiblí **www.etenders.gov.ie** • Déanann an tAonad Pleanála agus Tógála sa Roinn Oideachais agus Scileanna faomhadh ar fhoinsiú agus ar chaiteachas do gach togra caipitil (caiteachas as an ngnáth ar mó ná €5,548,000 é): **https://www.education.ie/ga/Dearadh-Scoileana/**

An Scéala is Déanaí faoi na Creataí atá ar fáil do Scoileanna

Tá roinnt creat-chomhaontuithe nua tugtha chun críche ag an Oifig um Sholáthar Rialtais le déanaí agus beidh fáil ag gach bunscoil agus iar-bhunscoil orthu amach anseo. Tá na sonraí ar fad faoi na creataí uile, faoi réimse na n-earraí agus na seirbhísí a mbaineann siad leo, agus faoin meicníocht shainithe íostarraingthe, le fáil do cheannaitheoirí 'cláraithe' ar **www.procurement.ie**

Seirbhísí Gairmiúla Grianghrafadóireachta agus Físghrafadóireachta
https://bz.procurement.ie/contracts/4214

Cumarsáid Mhóibíleach Ghutha agus Sonraí agus Táirgí agus Seirbhísí Gaolmhara
https://bz.procurement.ie/contracts/4215

Tá na sonraí ar fad faoi na creataí uile, faoi réimse na n-earraí agus na seirbhísí a mbaineann siad leo, agus faoin meicníocht shainithe íostarraingthe, le fáil do cheannaitheoirí 'cláraithe' ar **www.procurement.ie**. Tá na sonraí sin le fáil ar an leathanach atá dírithe ar Scoileanna taobh istigh de Chrios na gCeannaitheoirí, ar **www.procurement.ie**

Tá ár dtreoir 'Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtas Soláthair' le fáil lena híoslódáil ó –
https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Sol%C3%A1thar/Treoir-do-Scoileanna-maidir-le-Dea-Chleachtas-Solathair.pdf

Tá an treoir le fáil i mBéarla freisin ó –
https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Procurement/Guidance-for-Schools-on-Good-Procurement-Practices.pdf

Seaneagráin de Nuachtlitir an Aonaid

Tá seaneagráin de Nuachtlitir an Aonaid le fáil anois ar láithreán gréasáin na Roinne ag:
https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Soláthar/nuachtlitir/

Tá na nuachtlitreacha le fáil i mBéarla freisin ó:
https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Procurement/newsletter/

AR NA BACÁIN

Foilsíodh Sceideal Creataí agus Conarthaí na hOifige um Sholáthar Rialtais (Deireadh Fómhair 2017 - Tuairisc chun dáta R4) le déanaí agus tá sé le fáil ag **http://ogp.gov.ie/3236-2/** Cuireann an sceideal sin ar chumas scoileanna breathnú ar réimse na gconarthaí agus na gcreataí, roinnt mhaith acu ar féidir le scoileanna iad a úsáid, a bheidh á gcur i bhfeidhm as seo go ceann sé mhí.

An Teistiméireacht is Déanaí

"Bhíomar in ann neart ama a shábháil a bhuíochas leis an Aonad agus is eol dúinn anois go bhfuil an scoil ag fáil luach a cuid airgid ó sholáthraithe a bhfuil dea-cháil orthu. Tá sé go hiontach. Treise libh. Tá an fhoireann idir chabhrach, chúirtéiseach agus ghairmiúil."

Ardscoil Mhuire gan Smál, Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir

Maidir le fiosruithe ginearálta, aiseolas ar leith nó moltaí ar an gcaoi is féidir linn an tseirbhís a sholáthraimid do do scoil, nó d'earnáil na scoileanna trí chéile, a fheabhsú, féach ar ár sonraí teagmhála anseo thíos le do thoil.

An tAonad um Sholáthar do Scoileanna,
Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB), Teach Emmet,
Bóthar Dhún Droma, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath D14 V3K8

T: 01 203 5899 **F:** 01 269 5461
G: www.jmb.ie/school-procurement **R:** procurementsupport@jmb.ie

LEAN MUID
@SPUireland

NABMSE National Association of Boards of Management in Special Education · Educate Together · ACCS Association of Community and Comprehensive Schools · JMB AMCSS SECRETARIAT · Catholic Primary Schools Management Association · An Foras Pátrúnachta · Church of Ireland Board of Education